INCH ABBEY

Irish Translation

MAINISTIR na hINSE

Contae an Dúin

An Suíomh

Mar a léiríonn a ainm, is oileán í An Inis le habhainn An Caol ó dheas de agus riasclach ó thuaidh de. Téann cabhsa trasna air seo, agus an bóithrín reatha ina dhiaidh sin. Tá sraith cnocán oighreach (droimníní) san oileán agus tá an mhainistir sa log idir péire de na cnoic. Tá sé gar don abhainn, agus Ardeaglais Dhún Pádraig agus an Mound of Down le feiceáil uaidh sa riasclach trasna An Caol. Ba shuíomh iargúlta é an t-oileáin agus sa lá inniu ann tá roinnt den tsíocháin agus neamhspleáchas ann a lorg na Cistéirsigh, amach ó ghlór agus ó sheachrán an ghnáthshaoil.

An Séipéal Réamh-Normannach

Ba é Inis Cumhscraigh bunainm an oileáin agus is cinnte go raibh séipéal nó mainistir ann faoin mbliain 800 A.D.: Bhí MoBíu ó Inis Cumhscraigh liostaithe ar 22 Iúil i bhféilire na naomh a scríobhadh thart ar an mbliain 800. Níl mórán ar chor ar bith ar eolas againn faoin tús ach is féidir linn a shamhlú gur lonnaíocht a bhí ann le séipéil adhmaid, cillíní cleithe agus tuí agus foirgnimh, gairdíní, úlloird agus talamh talmhaíochta eile. Rinne na Lochlannaigh creach ar Chill Cléithe agus an Inis agus bheir siad leo go leor cimí. Creachadh an Inis, mar aon le go leor séipéal eile sa cheantar, arís sa bhliain 1149. Níl a fhios againn go baileach cén cineál lonnaíochta a bhí ann i lár an 12ú haois, cibé acu ar mhair saol na mainistreach, nó séipéal amháin, nó eastát eaglasta amháin. Ach is dóigh go raibh séipéal ann nuair a tháinig na hAngla-Normannaigh go Cúige Uladh sa bhliain 1177.

An Mainistir Chistéirseach

Ó aimsir an ionraidh ar aghaidh tá níos mó ar eolas againn faoi stair an tsuímh. I rith na cogaíochta in Leath Chathail, scrios John de Courcy an mhainistir ag Oirmhinneach, taobh ó dheas de Dhún Pádraig, agus mar chúiteamh bhunaigh sé mainistir Chistéirseach ag an Inis sa bhliain 1180 nó, de réir foinse eile, 1187-8. Lean na Cistéirsigh (Manaigh Bhána) riail dhocht Bheinidicteachbhunaithe, a bunaíodh ag deireadh an 11ú haois san Fhrainc agus thug Naomh Maolmhaodhóg go hÉirinn í. Ba í an Mhainistir Mhór (Mellifont) (1142) an chéad fhoras in Éirinn agus bhí sé mar phríomhtheach ag go leor eile, lena n-áirítear Iúr Chinn Trá (1153), ach bhí An Inis, cosúil le Grey Abbey (a bhunaigh bean chéile John de Courcy) coilínithe ó mhainistir i dtuaisceart na Breataine, Furness in Lancashire. Agus í bunaithe mar fhoras sainiúil do na hAngla-Normannaigh in oirthear Uladh, d'fhan An Inis mar lárionad den tionchar Sasanach agus ba sa bhliain 1380 a céadscaoileadh Éireannaigh isteach sa phobal arís. Dódh an mhainistir sa bhliain 1404, b'fhéidir gurbh í sin an eachtra ar ar laghdaíodh an séipéal. Tháinig deireadh leis an saol mainistreach sa bhliain 1542 agus d'imigh an mhaoin ó dhuine go duine sular fhan sé le teaghlach Perceval Maxwell. Léiríonn léaráidí ón naoú haois déag na fothraigh clúdaithe le heidhneán agus brablach titithe. Rinne teaghlach Perceval Maxwell roinnt deisiúchán ach sa bhliain 1910 chuir siad na fothraigh faoi Chúram Stáit, agus ó shin i leith tá glanadh agus caomhnú go leor déanta. Fuarthas seilbh ar

achar ní ba mhó den limistéar meánaoiseach sa bhliain 1980.

Foirgnimh na Mainistreach
Tá an séipéal suite ó thuaidh den chlabhstra agus tá foirgnimh imeallacha soir ó dheas agus siar ó dheas de. Tá droch-chuma ar an bpáirt thiar den séipéal agus ar an gclabhstra ar fad agus léiríonn ár líníochtaí an chaoi inar chonacthas na foirgnimh ón taobh thiar thart ar 1300. Bhí corp (1) an tséipéil chrosfhoirmigh taobhroinnte ina chúig bhá, ach tá boinn na stuabhealaí scriosta go híseal agus páirt-athchóirithe i gcoincréit. D'úsáid na gnáthdhaoine an corp sna séipéil Chistéir-seacha, a rinne an obair láimhe agus thalmhaíochta sa mhainistir ach bhí deighilt dhocht eatarthu agus na manaigh. Coinníodh an chuid thoir den séipéal, a bhí roinnte ag sciatha, do na manaigh.

San áit atá an trasbhealach (2) agus an chéad bhá den chorp a bhí stallaí adhmaid chór na manach ar dtús, agus coinníodh an córlann nó an cléirtheach (3) do na sagairt. Sa bhalla theas tá trí shuíochán sedilia don chléir, agus piscina (umar) chun árthaí seirbhíse a níochán, agus ní raibh cloch-chóiriú i ngach aon cheann acu agus iad athchóirithe i gcoincréit, cosúil le go leor den mhaisiú sa chórlann. Sa bhalla thuaidh os coinne sin atá dhá ascaill, b'fhéidir gur tuama is ea an ceann is mó. Bhí an ard-altóir ag seasamh in aghaidh an bhalla thoir, soilsithe ag trí fhuinneog lansa arda agus péirí lansaí ó thuaidh agus ó dheas. Ag seasamh amach as na ballaí atá poill oscailte chearnógacha, gné choitianta d'fhoirgnimh mheánaoiseacha, chun scafall a choinneáil do thógáil agus do chothabháil.

Sa 15ú haois bhí an séipéal ró-mhór agus ceapadh limistéar ní ba lú de trí bhallaí a chur suas sna croslanna agus sa chéad bhá de chorp na heaglaise, ag teacht in áit na sciath adhmaid ní b'éadroime. Gné shuimiúil amháin den athmhunlú seo is ea gur athúsáideadh doras ón 13ú haois sa bhalla Thiar nua (4), ar dhóichí gur bogadh ón mbunbhalla thiar é, agus cuireadh barra tarraingthe leis do shlándáil ní b'fearr in am corraitheach.

Bhí dhá shéipéal sa chroslann thuaidh (5), gach cloch boghtach le fuinneog amháin thoir agus cófra beag ó dheas den altóir. Tá colm dhíon an tséipéil le feiceáil go soiléir ar bhalla na córlainne. D'oscail doras ó thuaidh den chroslann, b'fhéidir chuig reilig na manach, agus staighre bíseach ar uillinn Thiar-Thuaidh chuig pasáistí balla, áiléir os cionn na séipéal agus b'fhéidir túr lárnach. Sa chroslann seo is féidir marc na saoir chloiche (léirithe) a fháil, móitífeanna éagsúla lenar 'shínigh' na saoir chloiche a gcuid oibre.

Tá an chroslann theas (6) cosúil leis sin ach níos scriosta, ag oscailt ó dheas isteach i mbeistrí (7) beag mar ar coinníodh éidí agus trealamh seirbhíse. Bhí an clabhstra, a raibh an bealach isteach ann ó thaobhroinn Theas an tséipéil, iniata le cosáin chlúdaithe, le raon foirgneamh soir agus ó dheas. Tá na cosáin stua imithe agus na foirgnimh eile laghdaithe dá mbunsraith, ach is féidir linn teach caibidle (8) a fheiceáil in aice leis an mbéistrí do chruinnithe rialta na manach, parlús caol (9), áit a raibh cead cainte, agus seomra lae fada(10) do ghníomhaíochtaí taobh istigh. Os cionn na háite thoir seo bhí áit chodlata na manach agus leithreas sa taobh theas di. Sa taobh theas atá fothrach an frater nó prionnteach (11) agus cistin (12).

Ba ghnách le mainistir Chistéirseach réimse thiar a bheith inti do ghnáthdhaoine, ach níl ach balla teorann ag an Inis. B'fhéidir go raibh foirgnimh do ghnáthdhaoine in áit éigin eile, nó b'fhéidir go dtagann an plean ó am nuair nach raibh na gnáthdhaoine á n-úsáid a thuilleadh.

Soir ó dheas ón réimse thoir atá foirgneamh fada (13) le hoigheann ar a thaobh theas, b'fhéidir otharlann chun aire a thabhairt do mhanaigh tinne. Taobh thiar den chistin atá tobar agus bácús (14) le dhá oigheann, agus níos faide ó dheas atá bunsraith íseal dhronuilleogach agus bealach isteach san abhainn.

Tá bailiúchán mór cloch gearrtha scaoilte déanta sna blianta caomhnúcháin, lena n-áirítear páirte-

anna d'fhuinneoga, doirse agus stua an chlabhstra. Mar gheall ar na múnlaí fágtha agus na clocha aonair fiú má tosaíodh ar an tógáil faoi dheireadh an 12ú haois, lean sé ar aghaidh sa 13ú haois.

Limistéar na Mainistreach
Ba ghnách go mbíodh balla, claí, bruach nó díog, foirgnimh taobh amuigh, gairdíní, páirceanna agus stoic, chomh maith le séipéal agus clabhstra timpeall ar cheantar mainistreach. Is minic an chosaint seo a bheith imithe ach aisteach go leor ag an Inis bhí an teorainn mheánaoiseach fós ann ar fad, beagnach ina hiomláine. Má bhíonn am ag an gcuairteoir taobh an ghleann a dhreapadh, d'fhéadfadh sé na sluaite a sheachaint agus na radhairc a fheiceáil. Ón abhainn soir-ó dheas téann an bruach agus an díog le crainn suas an cnoc i dtreo reilig an pharóiste. Taobh thoir den reilig téann siad síos an cnoc, le taobh an chlóis agus ansin ó dheas arís le taobh an chosáin go dtí an mhainistir. De réir mar a théann an bruach agus an díog i dtreo an taobh thiar den séipéal téann siad suas an cnoc arís agus ansin ar feadh chlaonadh an chnoic trí athruithe treo agus ar ais ag an abhainn ar feadh píosa fada. Má bhreathnaítear ar ghrianghraif aeir feictear go raibh áit ní ba mhó arís ag an teorainn réamh-Normannach, ag dul isteach sna páirceanna Thuaidh agus Thiar-Thuaidh taobh amuigh den reilig.

Reilig an Pharóiste
Tá suíomh sách lárnach ag reilig na hInise taobh istigh den teorainn réamh-Normannach, trasna ón gcarrchlós. Is dóigh go raibh an séipéal ar an láthair nuair a bunaíodh an mhainistir sna 1180í agus leanadh á úsáid. D'fhág Cistéirsigh gnáthdhaoine amach as a gcuid séipéal ach go minic thug siad teach pobail dóibh ag deireadh na teorann agus bhí teach pobail ag an Inis ar leithligh ón mainistir i rolla cánach na bliana 1306. Tréigeadh an suíomh sa bhliain 1730, nuair a tógadh séipéal paróiste na hInise nua i mbaile fearainn Bhaile na Creige (Ballynacraig). Léiríonn pictiúir ó go luath sa 19ú haois séipéal ina fhothrach sa reilig, a scriosadh ní ba dhéanaí sa chéad.

Léitheoireacht Bhreise An Archaeological Survey of County Down (H.M.S.O. 1966), 279-82; Gwynn, A. agus Hadcock, R. N., Medieval Religious Houses: Ireland (1970); Hamlin, A. in Ulster J. Archaeol. 41 (1978).

Suímh eile eaglasta in aice leis an Inis lena n-áirítear Eaglais Dhún Pádraig, Séipéil Loch an Oileáin, Tobair Struell, Sabhall agus Ráth Cholpa.

Rochtain _ míle siar ó thuaidh ó Dhún Pádraig (tag. greille J477455), trí chasadh siar ar bhóthar A7 Bhéal Feirste agus síos bóithrín chuig carrchlós an tsuímh.